



---

*Uimhir 2 de 2004*

---

**AN tACHT UM THOGHCHÁIN DO PHARLAIMINT NA  
hEORPA (LEASÚ) 2004**

*[An tionú oifigiúil]*

---

**RIAR NA nALT**

Alt

1. Míniú.
  2. Leasú ar alt 11 d'Acht 1997.
  3. Leasú ar an Dara Sceideal a ghabhann le hAcht 1997.
  4. Toghlaigh agus an líon comhaltaí atá le toghadh.
  5. Tagairtí a oiriúnú.
  6. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.
-

[Uimh. 2.] *An tAcht um Thoghcháin do* [2004.]  
*Pharlaimint na hEorpa (Leasú) 2004.*

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997	1997, Uimh. 2
Na hAchtanna um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1992 go 2002	
An tAcht Rialtais Áitiúil 2001	2001, Uimh. 37



---

*Uimhir 2 de 2004*

---

**AN tACHT UM THOGHCHÁIN DO PHARLAIMINT NA  
hEORPA (LEASÚ) 2004**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

ACHT DO LEASÚ AN ACHTA UM THOGHCHÁIN DO PHARLAIMINT NA hEORPA 1997 CHUN TUILLEADH ÉIFEACHTA A THABHAIRT DO CHINNEADH 76/787/CEGC, CEE, EURATOM<sup>1</sup>, DO THABHAIRT ÉIFEACHT DO CHINNEADH 2002/772/CE, EURATOM AN 25 MEITHEAMH AGUS AN 23 MEÁN FÓMHAIR 2002<sup>2</sup> ÓN gCOMHAIRLE AG LEASÚ NA hIONSTRAIME ATÁ I gCEANGAL LEIS AN gCINNEADH CÉADLUAITE, DO LEASÚ NA dTOGHLACH DÁ dTOGHTAR IARRTHÓIRÍ AGUS LÍON NA gCOMHALTAÍ ATÁ LE TOGHADH DO NA TOGHLAIGH SIN AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA. [27 Feabhra, 2004]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**1.**—San Acht seo ciallaíonn “Acht 1997” an tAcht um Thoghcháin Míniú do Pharlaimint na hEorpa 1997.

**2.**—Leasaítear alt 11 d’Acht 1997—

Leasú ar alt 11  
d’Acht 1997.

(a) i bhfo-alt (2) (d), trí “Ballstáit baile an duine, nó” a chur in ionad “Ballstáit baile an duine.”,

(b) trí na míreanna seo a leanas a chur le fo-alt (2):

“(e) gur Aire den Rialtas é nó í, nó

(f) gur comhalta de Rialtas Ballstáit eile é nó í, nó

(g) gur comhalta de Choimisiún na gComhphobal Eorpach é nó í, nó

(h) gur Breitheamh, Abhcóide Ginearálta nó Cláraitheoir de Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach nó den Chúirt Chéadchéime atá ag gabháil leis an gCúirt sin é nó í, nó

(i) gur comhalta de Bhord Stiúrthóirí an Bhainc Ceannais Eorpaigh é nó í, nó

<sup>1</sup>O.J. Uimh. L278, 8.10.1976, lch. 1.

<sup>2</sup>O.J. Uimh. L283, 21.10.2002, lch. 1.

A.2

- (j) gur comhalta de Chúirt Iniúchóirí na gComhphobal Eorpach é nó í, nó
  - (k) gurb é nó í Ombudsman na gComhphobal Eorpach é nó í, nó
  - (l) gur comhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta an Chomhphobail Eorpaigh agus den Chomhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach é nó í, nó
  - (m) gur comhalta é nó í de choiste nó de chomhlacht eile arna bhunú de bhun na gConarthaí ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach chun cistí na gComhphobal a bhainistiú nó cúram buan díreach riaracháin a chomhlíonadh, nó
  - (n) gur comhalta de Bhord Stiúrthóirí, de Choiste Bainistíochta nó d'fhoireann an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta é nó í, nó
  - (o) gur oifigeach nó seirbhíseach gníomhach é nó í—
    - (i) d'aon cheann d'institiúidí na gComhphobal Eorpach,
    - (ii) d'aon cheann de na sainchomhlachtaí atá ag gabháil leis na hinstiúidí sin, nó
    - (iii) don Bhanc Ceannais Eorpach.”,
- (c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):
- “(4A) (a) Faoi réir mhír (b), duine a thoghf ar faoin Acht seo chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Parlaimint nó a mheasfar de bhun alt 19 a bheith tofa amhlaidh, agus a bheidh, tráth a thofa nó a tofa nó an tráth a chéadmheasfar amhlaidh é nó í, ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Teach den Oireachtas lena mbaineann, ar a thoghadh nó ar a toghadh amhlaidh, nó, i gcás an duine a bheith le meas amhlaidh, an lá a chéadmheasfar amhlaidh é nó í.
- (b) Duine a thoghf ar faoin Acht seo chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Parlaimint sa bhliain 2004 nó a mheasfar tar éis an toghcháin sin, de bhun alt 19, a bheith tofa amhlaidh, agus a bheidh, tráth a thofa nó a tofa nó an tráth a chéadmheasfar amhlaidh é nó í, ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, féadfaidh sé nó sí a bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Parlaimint agus den Teach den Oireachtas lena mbaineann—

- (i) go dtí an lánscor ar an Dáil díreach roimh olltoghchán chomhaltaí na Dála is túsce a dhéanfar tar éis an toghcháin faoin Acht seo sa bhliain 2004, más comhalta den Dáil an duine, nó
- (ii) go dtí an lá roimh an lá vótaíochta in olltoghchán chomhaltaí an tSeanaid is túsce a dhéanfar tar éis an toghcháin faoin Acht seo sa bhliain 2004, más comhalta den Seanad an duine.
- (c) San fho-alt seo ciallaíonn ‘comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas’ comhalta den Dáil nó den Seanad seachas—
- (i) Aire den Rialtas,
- (ii) Aire Stáit, nó
- (iii) Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach na Dála nó Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach an tSeanaid.”

agus

(d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) Más rud é, le linn do dhuine a bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa—

- (a) go dtiocfaidh an duine chun bheith faoi réir aon cheann de na dícháilíochtaí dá dtagraítear i mír (a) d’fho-alt (2),
- (b) go dtiocfaidh an duine chun bheith ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar oifig nó chun bheith i seilbh poist, de réir mar a bheidh, dá dtagraítear i mír (b), (e), (f), (g), (h), (i), (j), (k), (l), (m), (n) nó (o) d’fho-alt (2) nó i bhfo-alt (4), nó
- (c) go dtoghfar é nó í mar chomhalta den Dáil nó go dtoghfar nó go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta den Seanad,

scoirfidh an duine, air sin, de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Pharlaimint.”.

**3.**—Leasaítear an Dara Sceideal a ghabhann le hAcht 1997 tríd an riail seo a leanas a chur in ionad riail 90:

Leasú ar an Dara  
Sceideal a  
ghabhann le hAcht  
1997.

“90.—(1) Faoi réir mhír (2), nuair a bheidh comhaireamh na vótaí críochnaithe, cinnfidh agus dearbhóidh an ceann comhairimh toradh na vótaíochta agus air sin beidh na hiarrthóirí a mheastar a bheith tofa arna dtoghadh.

(2) Ní dhearbhoídh an ceann comhairimh toradh na vótaíochta go dtí go mbeidh an vótaíocht críochnaithe sa Bhallstát arb iad a thoghthóirí na toghthóirí is deireanaí a vótálfaidh sa toghchán iomchuí.”.

Toghlaigh agus an líon comhaltaí atá le toghadh.

4.—Leasaítear Acht 1997 maidir le toghcháin Eorpacha a dhéanfar tar éis an 1 Eanáir 2004 tríd an Sceideal seo a leanas a chur in ionad an Tríú Sceideal:

“AN TRÍÚ SCEIDEAL

*Toghlaigh*

Toghlach	Limistéar	An Líon Comhaltaí
Baile Átha Cliath	Na contaetha seo a leanas: Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fine Gall agus Baile Átha Cliath Theas; agus cathair Bhaile Átha Cliath.	4
An tOirthear	Na contaetha seo a leanas: Ceatharlach, Cill Dara, Cill Chainnigh, Laois, An Longfort, Lú, An Mhí, Uíbh Fhailí, An Iarmhí, Loch Garman agus Cill Mhantáin.	3
An tIarthuaisceart	Na contaetha seo a leanas: An Cabhán, An Clár, Dún na nGall, Gaillimh, Liatroim, Maigh Eo, Muineachán, Ros Comáin agus Sligeach; agus cathair na Gaillimhe.	3
An Deisceart	Na contaetha seo a leanas: Corcaigh, Ciarraí, Luimneach, Tiobraid Árann Thuaidh, Tiobraid Árann Theas agus Port Láirge; agus cathracha Chorcaí, Luimnigh agus Phort Láirge.	3

Sa Sceideal seo, déanfar ‘contaetha’ agus ‘cathracha’ a fhorléiriú de réir alt 10 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus de réir Sceideal 5 a ghabhann leis an Acht sin.”.

Tagairtí a oiriúnú.

5.—Déanfar aon tagairt d’ionadaí i bParlaimint na hEorpa in Acht 1997 agus i ngach Acht eile den Oireachtas agus i ngach ionstraim arna déanamh faoi aon cheann de na hAchtanna sin a fhorléiriú mar thagairt do chomhalta de Pharlaimint na hEorpa.

Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

6.—(1) Féadfar an tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa (Leasú) 2004 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1992 go 2004 a ghairm de na hAchtanna um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1992 go 2002 agus den Acht seo le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.